

PÚCÁN BHAIBSÍN

'S go deimhin a Sheáin Uí Chathasaigh is mór an éagóir atá tú dheanamh ar do chlann
nach gcuireann ar na coirnéil i nGaillimh iad agus tiubhrfaí iad ansoin do St. Paul
bheadh siad a cur soithigh go Gaillimh nach dtóighfeadh theacht ann ach chúig lá
bheadh a bpaisinéarachta le faghail ainn in aisge agus bheadh muid fhéin shall fré na mná
'S ag Baibsín tá'n báidín is gleóite dhá'r árduigh dhá sheol ar a crann
Tá sí déanta leithí farraige is féochthchain is mór mór tá a buadh ar gach geall
Ní fhaca tú an Caiseal a séoladh ná bád seo Mhac Eóin ina reacht
Ba deise sáth suas faoi'n dubhach bhig nuair a stríocadh sí anuas ar a traigh
Bhfuil cuimhne agaibh an la úd an a raibh muid in Árainn
'S a ndeachaidh muid an seoil ag a sgailp
dubhairt chaon fhear nach raibh sé an tseolta
dubhairt Páraic go raibh go rí cheart
chuaidh Domhnall siar ina tóin agus tarring sé amach an Red Sgeaf
ach a Mhicil leag láimh ar a stiúir go ceann nóiméid
go nglanfaidh mé mo shúil mar is ceart
go setáilfidh mé suas ó lé gaoith í go gcuirfidh mé fúm suas leac Dearg.
Dhá bhfhágfhadh Micil ó caiptín maith stiúrach mbeadh amharc a súl aige a gceart
Go ngabhfhadh sé fhéin ó Gansey go dtóighfeadh sé cargo tobac
A filleamhaint abhaile aríst di sí bhí dá cáithadh le spóirt
'S ó fuair sí anoir amharc ar Árainn ba gheall duit í le sioc no miol mór

Bhí Micilín ag eisteach leis an bhfear a rinne an tamharán seo dhá radh Tomas 'ac
Donachadh an tainm abhí air. Is aige a chuala Micilín go leór dhe na sgéulta atá aige